

Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta (AOG) don chruinniú an Choiste Comhairligh um Polasaí don Oideachas Gaeltachta Túr an Chloig, 9 Nollaig 2019

1. Na tionscadail atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta

- An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (105 bunscoil agus 29 iar-bhunscoil)
- An tionscadal píolótach Ríomh-mhoil ar líne don Fhísic ag leibhéal na hArdteistiméireachta in 8 iar-bhunscoil Ghaeltachta (6 iar-bhunscoil ag fáil na seirbhíse ó dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta eile)
- An tionscadal píolótach *Forás d'fhorbairt* na Gaeilge do scoláirí an Teastais Shóisirigh (2 iar-bhunscoil)
- Oilíúint ghairmiúil bhreise do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna na Scéime faoi stiúir oifigigh COGG
- Dréacht-tuairisc taighde coimisiúnaithe ag COGG beagnach críochnaithe ar an nasc idir naíonraí agus bunscoileanna na Gaeltachta
- na cláir oideachais mhúinteoirí lán-Ghaeilge nua chun soláthar múinteoirí le hardchaighdeán sa Ghaeilge a mhéadú
- Staidéar Taighde agus Meastóireachta trí bliana ar an Scéim idir lámha ag an bhForas Taighde ar Oideachas i gcomhar leis an gCigireacht.

2. Foilsiú na n-implitreach – tús 2020

- Tá obair tosaithe ar Imlitreacha a ullmhú do na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a bheidh ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2020-2022.
- Eiseofar Imlitir ar leith do na 27 bunscoil nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim faoi láthair.
- Seolfar na dréacht Imlitreacha chuig baill an Choiste tríd an ríomhphost ag tús 2020 chun aiseolas i scríbhinn a fháil sula seolfar amach chuig na scoileanna iad.

3. Cúairteanna Comhairleacha na Cigireachta

- I bhFómhar 2019, tugadh cuairt chomhairleach ar an iar-bhunscoil nua a roghnaigh bheith páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2019.
- Tá cúairteanna comhairleacha á ndéanamh faoi láthair ar an 10 n-iarbhunscoil atá ag glacadh páirte sa Scéim sna pobail is laige ó thaobh labhairt na Gaeilge de.
- Leantar ar aghaidh leis na cúairteanna comhairleacha sna scoileanna rannpháirteach sa Scéim i 2020 chun na scoileanna a spreagadh sna chéad chéimeanna eile den turas chun aitheantas mar scoileanna Gaeltachta a bhaint amach.

4. Staidéar Taighde agus Meastóireachta

- Tá an AOG agus an Chigireacht ag obair go dlúth leis an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) chun an plean don Staidéar Taighde agus Meastóireachta a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis An Staidéar Taighde agus Meastóireachta i 2019 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2022.
- Eisíodh Treoir do Chigirí agus Treoir ar leith do scoileanna i mí Mheán Fómhair 2019 ar an Staidéar Taighde agus Meastóireachta atá ar siúl ag an FTO/gCigireacht.

Obair na gciqirí atá ag tacú le AOG

- Tá cuairteanna déanta ar 18 de na scoileanna cás-staidéir (12 bhunscoil agus 6 iar-bhunscoil), trí chás-staidéir phíolótacha san áireamh, atá lonnaithe i gceantair éagsúla sochtheangeolaíochta Gaeltachta agus tá na dréacht-tuairiscí ar na scoileanna cás-staidéir aonair á n-ullmhú faoi láthair.
- Tá sé i gceist cás-staidéar amháin eile a dhéanamh in iar-bhunscoil i bpobal nach bhfuil an Ghaeilge ró-láidir ó thaobh labhairt na Gaeilge i mí Eanáir 2020.
- Ní fhoilseofar na tuairiscí cás-staidéir ar scoileanna aonair.

Obair an Fhorais Taihde ar Oideachas (FTO)

- Tá ceistneoirí seolta amach chuig gach bunscoil (príomhoidí, múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge, múinteoirí oideachais speisialta) agus ceistneoirí faighte ar ais ag an FTO ó gach bunscoil.
- Beidh ceistneoirí á seoladh amach chuig gach iar-bhunscoil (príomhoidí, múinteoirí Gaeilge, múinteoirí ábhair eile, múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge, múinteoirí oideachais speisialta) faoi dheireadh mhí na Samhna 2019.
- Beidh na fócasghrúpaí tuismitheoirí agus na n-oifigeach pleanála teanga críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna 2019.
- Beidh anailís á dhéanamh ag an FTO ar shonraí an taighde do na tuairiscí cás-staidéir idir Nollaig 2019 agus Eanáir 2020.
- Beidh na trialacha atá deartha ag an FTO, chun gnóthachtáil na ndaltaí/scoláirí sa Ghaeilge agus san luathliteartacht a mheas, á gcaighdeánú ag an FTO i sampla den 105 bhunscoil go luath in 2020. Beidh na trialacha seo dírithe ar scileanna éisteachta, labhartha agus léitheoireachta na ndaltaí sna ranganna sóisearacha, i rang a sé agus sa dara bhliain.
- Tá sé i gceist ag an FTO ceistneoirí a thabhairt do thuismitheoirí, agus do gach scoláire sa dara bhliain.
- Cuirfidh an FTO i gcomhar leis an gCigireacht agus AOG an chéad tuarascáil eatramhach ar an anailís ar thorthaí na sonraí ar fáil in Earrach 2020.
- Tá uasdátú ón bhFTO le sonraí breise faoin tionscadal ríomh-mhoil ar fáil in Aguisín A den tuairisc seo.

5. Tionscadal píolótach ríomh-mhoil:

- Tá cúrsa ardleibhéil Fisice Ardteistiméireachta na Gaeilge ar siúl do 10 scoláire i 6 scoil i gContae Chorcaí, i gContae na Gaillimhe, i gContae Dhún na nGall agus i gContae na Mí. Tá trí scoil óna hoileáin páirteach sa tionscadal. Déanfaidh na scoláirí sin an t-Ardteistiméireacht i mí an Mheithimh 2021.
- Tá tús curtha le pleanáil chun blas-mhodúl Idirbhliana a sholáthar do chohórt nua scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an tionscadal píolótach.
- Ar an 2 Nollaig, d'fhreastail na scoláirí, na ríomh-mheantóirí/ionadaithe ó na scoileanna agus na ríomh-mhúinteoirí ar ócáid a chuir Roinn na hEolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar siúl chun deis a thabhairt do scoláirí líon áirithe turgnaimh ar chúrsa Fisice na hArdteistiméireachta a chur i gcrích trí mheán na Gaeilge. Bhí dhá aidhm leis an lá seo:
 - Na scoláirí agus a r-Mheantóirí a chur in aithne dá r-Mhúinteoirí agus bulaladh lena gcomhfhoghlaimoirí agus lena r-Mhúinteoirí ar aghaidh a chéile

- Tús a chur leis na turgnaimh phraiticiúla ar chúrsa Fisice na hArdteistiméireachta Ardleibhéal, ag teacht le riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna and Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Tá uasdátú ó H2 le sonraí breise faoin tionscadal ríomh-mhoil ar fáil in Aguisín B den tuairisc seo.

6. Cláir Oideachais Múinteoirí trí mheán na Gaeilge

- Tionóladh cruinnithe den dá ghrúpa monatóireachta don B.Oid agus don M.Oid. trí mheán na Gaeilge i mí Mheán Fómhair 2019.

B.Oid. trí mheán na Gaeilge (Institiúid Oideachais Marino)

- Tá 37 mac léinn cláraithe ar an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis na gnáth íos-riachtanais iontrála agus na pointí CAO cuí, tá B1 ar an CEFR bainte amach ag gach mac léinn.
- Tagann na mic léinn ar an gclár céime nua seo ó Ghaelcholáistí, ó iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus ó iar-bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga. Is as Baile Átha Cliath 14 acu agus tagann na mic léinn eile ó 16 chontae difriúla.
- Chuir an tAire McHugh tús le lá ionductaithe na mac léinn in Institiúid Oideachais Marino ar 18 Meán Fómhair 2019.

M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (Coláiste Mhuire gan Smál)

M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 2019/2021 (Bliain 1):

- Líon na mac léinn don bhliain 2019/2020 = 32
- Tagann na múinteoirí ó Ghaelscoileanna, Gaelcholáistí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta, agus duine amháin, ó Aonad lán-Ghaeilge, bunscoil lán-Bhéarla agus iar-bhunscoil lán-Bhéarla faoi seach.

M.Oid san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta 2018/2020 (Bliain 2):

- Líon na mac léinn cláraithe don bhliain 2019/2020 = **18**
- Líon na mac léinn ag fágáil an chláir le *Teastas san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta* (30 ECTS) = **2**.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

- Tá líon na scoláirí ar an MGO ag dul i méid. Thuairiscigh OÉG go raibh 32 mac léinn cláraithe ar an gcéad bhliain den chlár in 2019, an rollachán is airde ó cuireadh tús leis an gclár dhá bhliain MGO.

Aguisín A

Uasdátú ón bhForas Taighde ar Oideachas

Cúrsaí Taighde

Curtha i gcrích idir 1 Bealtaine agus 3 Nollaig, 2019

1. Tá ceistneoirí páipéar-bunaithe comhlánaithe ag príomhoidí agus múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus múinteoirí tacaíochta teanga don Ghaeilge i mbeagnach gach bunscoil sa *Scéim*.
2. Tá grúpaí fócais eagraithe in 11 bunscoil cás staidéir le (i) múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíochta teanga don Ghaeilge, agus múinteoirí oideachais speisialta, agus le (ii) tuismitheoirí agus oifigigh pleanála teanga. Is iar-chigire na Roinne agus ball den Fhoras Taighde ar Oideachas a rinne éascú ar gach grúpa fócais.
3. Tá grúpaí fócais eagraithe in 6 iar-bhunscoil cás staidéir le (i) múinteoirí na Gaeilge agus múinteoirí tacaíochta teanga don Ghaeilge; (ii) múinteoirí na n-ábhar eile; (iii) tuismitheoirí agus oifigigh pleanála teanga.
4. Rinneadh na trialacha seo a ullmhú:
 - a. Triail Luathlitearthachta do na Naíonáin Shinsearacha
 - b. Triail Labhartha do na Naíonáin Shinsearacha
 - c. Triail Éisteachta do Rang a Sé (Triail Athchóirithe ITE)
 - d. Triail Labhartha do Rang a Sé (Triail Athchóirithe ITE)
5. Bunaíodh painéal chun léirmheas a dhéanamh ar na trialacha nua agus comhairle a chur ar an FTO maidir le hathruithe gur gá a dhéanamh chun na trialacha a chur in oiriúint do na canúintí éagsúla.

Á gCur i gCrích i Láthair na hUaire

1. Léirmheas ar na trialacha á dhéanamh ag baill den phainéal.
2. Ceistneoirí ar líne á gcur chuig príomhoidí, múinteoirí na Gaeilge, múinteoirí na n-ábhar eile, múinteoirí tacaíochta teanga don Ghaeilge, agus múinteoirí oideachais speisialta i ngach iar-bhunscoil sa *Scéim*.
3. Anailís á déanamh ar na ceistneoirí a comhlánaíodh sna bunscoileanna.

Le Cur i gCrích sa Chéad Leath de 2020

1. Ionchur do thuiriscí na Roinne ag eascairt as na grúpaí fócais sna scoileanna cás staidéir.
2. Ionchur don Tuairisc Eatramhach ar Mheasúnú na *Scéime*.
3. Na trialacha nua a phíolótú sna bunscoileanna cás staidéir (4-5 i Ranganna 1 agus 6, roghnaithe go randamach).
4. Na trialacha nua a chaighdeánú i sampla de bhunscoileanna agus ceistneoirí a riaradh ar dhaltaí agus ar a dtuismitheoirí.
5. Trial ar Léitheoireacht na Gaeilge a chur ar scoláirí na dara bliana i ngach scoil sa *Scéim*, agus ceistneoirí a dháileadh ar na scoláirí agus ar a dtuismitheoirí.
6. Na ceistneoirí a dháileadh ar príomhoidí agus ar mhúinteoirí sna bunscoileanna don dara huair.

Aguisín B

TIONSCADAL PÍOLÓTACH RÍOMH-MHOL IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA CLÁR FISICE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA (ARDLEIBHÉAL) 2019 – 2021

- **Na scoileanna Gaeltachta atá ag glacadh leis an gClár:**

- 6 scoil

Contae Chorcaí	Contae na Gaillimhe	Contae Dhún na nGall	Contae na Mí
Baile Bhúirne	Inis Mór, Árainn Inis Meáin, Árainn	Árainn Mhór An Clochán Liath	Ráth Chairn

- 6 ríomh-Mheantóirí ceaptha

(**ríomh-Mheantóirí** = múinteoirí a bhfuil cúlra láidir Matamaitice acu atá ag obair i scoil a bhfuil scoláire/í de chuid na scoile sin páirteach sa Tionscadal Píolótach agus é mar chúram orthu cuidiú leis na scoláirí agus iad a spreagadh chun a lándícheall a dhéanamh).

- **Na scoileanna Gaeltachta atá ag soláthar an Chláir:**

- 2 scoil

Contae Chiarraí	Contae na Gaillimhe
An Daingean/Daingean Uí Chúis	Cnoc na Cathrach

-2 ríomh-Mhúinteoirí ceaptha leis an gclár a theagasc

(**ríomh-Mhúinteoirí** = múinteoirí atá cáilithe le Fisic a mhúineadh agus a bhfuil taithí ábhartha acu ar an bhFisic a mhúineadh trí mheán na Gaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta).

- **Na scoláirí atá páirteach sa Tionscadal Píolótach agus ag déanamh staidéir ar an bhFisic ar líne:**

- thosaigh an Tionscadal Píolótach amach le 14 scoláire i mí Mheán Fómhair 2019

- chinn 4 scoláire i mí Mheán Fómhair gan leanúint ar aghaidh le staidéar a dhéanamh ar an bhFisic

- faoi láthair tá 10 scoláire ag gabháil den chlár.

- **Amchlár comónta ar líne sna 8 scoil:**

Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine
cruinniú ar líne: pleanáil & athbhreithniú ríomh-Mhúinteoirí & ríomh-Mheantóirí	ceacht Fisice (dúbailte)	ceacht Fisice (singil)	ceacht Fisice (singil)	ceacht Fisice (singil)

- **Cúraimí a shainithint; dul chun cinn sa Chlár, obair bhaile & meastóireacht:**

- prótacail forbartha mar threoir do ról agus cúraimí na r-Mheantóirí, na r-Mhúinteoirí agus na scoláirí

- na topaicí seo a leanas déanta sa chéad téarma 2018/2019: Solas & Meicnic

- measúnú leanúnach ar siúl

- obair bhaile le cur faoi bhráid na ríomh-mhúinteoirí go rialta; aiseolas múnlaiteach á thabhairt

- reáchtáladh trialacha ranga go comhuaineach

- **Cumarsáid le Tuismitheoirí:**
 - ríomh-Mheantóirí mar nasc idir na ríomh-Mhúinteoirí agus na tuismitheoirí
 - reáchtáladh cruinnithe ar líne Tuismitheoirí agus ríomh-Mhúinteoirí i mí na Samhna 2019.

- **‘Lá na dTurgnamh’ Scoil na Fisice, Ollscoil na hÉireann Gaillimh (OÉG): Dé Luain 2 Nollaig**
 - eagraíodh ‘Lá Turgnamh’ i Scoil na Fisice, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Luan 2 Nollaig 2019
 - tugadh taithí theagmhálach phraiticiúil do na scoláirí ar thurgnaimh chúrsa Fisice na hArdteistiméireachta
 - faoi threoir na ríomh-Mhúinteoirí agus baill foirne Scoil na Fisice OÉG
 - i láthair: na scoláirí ar fad; 2 r-Mhúinteoirí; r-Mheantóirí & ionadaithe ó na scoileanna & ionadaithe tuismitheoirí

- **Ardán Teicneolaíochta:**
 - deontais teicneolaíochta tugtha ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta do na scoileanna
 - fearas faighte agus seachadta ar na scoileanna
 - ‘Zoom’, ‘Teams’ agus ‘Claned’ curtha ar bun do na scoileanna
 - ag éirí go maith leis
 - ábhar digiteach faighte agus curtha ar fáil ag COGG agus tá fáil ar ScoilNet
 - scoláirí ag cur obair bhaile isteach ar líne

- **Blasmhodúl Fisice don Idirbhliain 2020:**
 - blasmodúl gairid 4 seachtaine á mholadh
 - cuireadh le tabhairt do gach iar-bhunscoil Ghaeltachta
 - topaicí le déanamh; Dlús agus Domhantarraingt
 - rang dúbailte amháin in aghaidh na seachtaine
 - 6-8 scoláire ó gach scoil
 - ríomhaire, cluasáin le bheith ar fáil do gach scoláire.